C/2026/4828

17.9.2026

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2026/4828)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Ricotta Romana'

Uimhir thagartha AE: PDO-IT-0298-AM01 — 18.6.2026

1. **Ainm an táirge**

'Ricotta Romana'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ainm

MASAF [Aireacht Talmhaíochta, Bhiafhlaithis agus Foraoiseachta]

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Tagann na leasuithe faoin sainmhíniú ar leasú caighdeánach ós rud é nach bhfuil i gceist leo athrú ar an ainm ná ar úsáid an ainm, nach bhfuil baol ann dá ndeasca go gcuirfear an nasc ar neamhní leo agus nach bhfuil tuilleadh srianta ar mhargú an táirge i gceist leo.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Leasú ar Airteagal 5 den tsonraíocht táirge agus ar phointe 4.2 den doiciméad aonair maidir leis an tuairisc ar an táirge

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Tuairisc

— Cuireadh na pórtha Lacaune, Merinizzata, Assaf agus Valle del Belice, agus a gcrosantaigh, leis na pórtha a bhfaightear an *ricotta* óna mbainne iomlán.

— Tugadh isteach lamháltas 10 % ar an meáchan uasta 2 kg.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5 den tsonraíocht táirge agus ar phointe 4.5 den doiciméad aonair

Tuairisc

— Sonraíodh go gceadaítear innilt sléibhe/buailteachas freisin i réigiúin chomharsanacha le linn an tsamhraidh nuair a bhíonn na hainmhithe ina dtréimhse sheasc.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8 den tsonraíocht táirge agus ar phointe 4.6 den doiciméad aonair

Tuairisc

— Tugadh isteach lamháltas 10 % ar thoilleadh pacáistí.

— Tugadh isteach an fhéidearthacht pacáistíocht atmaisféir mhodhnaithe a úsáid.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

'Ricotta Romana'

Uimhir thagartha AE: PDO-IT-0298-AM01 — 18.6.2026

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Ricotta Romana'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

an Iodáil

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir leis an gceannteideal agus leis an gcód Ainmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

04 - TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA; UIBHEACHA ÉAN; MIL NÁDÚRTHA; TÁIRGÍ INITE DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH, NACH bhFUIL SONRAITHE NÁ ÁIRITHE IN ÁIT EILE

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Forchoimeádtar ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint 'Ricotta Romana' (STFC) go heisiach don táirge déiríochta a dhéantar as meadhg de bhainne iomlán caorach a fhaightear ó chaoirigh de phór Sarda agus óna chrosantaigh, pór Comisana agus a chrosantaigh, pór Sopravvissana agus a chrosantaigh, pór Massese agus a chrosantaigh, pór Lacaune agus a chrosantaigh, pór Merinizzata agus a chrosantaigh, pór Assaf agus a chrosantaigh, agus pór Valle del Belice agus a chrosantaigh.

Nuair a scaoiltear é lena thomhailt, bíonn na saintréithe seo a leanas ann:

— Táirge: úr;

— Leafaos: bán, lena mbaineann uigeacht chnapánach;

— Blas: blas milis, bainniúil;

— Meáchan: suas le 2 kg agus lamháltas meáchain 10 %;

— Cion saille: íosmhéid 40 % d'ábhar tirim.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le tásc geografach faoi chosaint agus sa chás sin amháin)*

Beathaíonn na caoirigh dhéiríochta ar an bhféarach nádúrtha agus síolaithe agus ar an talamh móinéir ar saintréith é den limistéar táirgeachta a léirítear faoi phointe 5. Féadfar farae triomaithe forlíontach agus tiúcháin a úsáid, ach níor cheart substaintí sintéiseacha agus orgánaigh ghéinmhodhnaithe a úsáid.

Mar sin féin, níor cheart beatha a fhaightear ó lasmuigh den limistéar geografach sainithe a bheith níos mó ná 30 % den ábhar tirim in aghaidh na bliana.

Is dearbhcheanglas é an gá atá le soláthar a dhéanamh do bheatha úr nó d'fhéar tirim agus do bheatha a thagann ó lasmuigh den limistéar táirgeachta ós rud é, le blianta beaga anuas, nach raibh dálaí ithreach agus aeráide fabhrach go háirithe d'earnáil na talmhaíochta agus an bheostoic; ní ga ach smaoineamh ar na hathruithe tobanna ar an ithir, ar an aeráid agus ar an gcomhshaol, athruithe a d'fhág go raibh an iomarca báistí ann le linn na dtréimhsí triomúcháin, a bhí ina chúis leis an bhféar tirim a bheith millte, agus go raibh an iomarca teasa agus triomaigh ann, rud a laghdaigh an táirgeadh farae le húsáid úr nó mar fhéar tirim.

Thairis sin, níor cheart beag is fiú a dhéanamh de thréigean leanúnach na gníomhaíochta talmhaíochta agus beostoic, diaidh ar ndiaidh, (treochtaí diúltacha i stoic, i dtéarmaí an lín gabháltas agus an líon ainmhithe araon). Baineann sé sin go príomha le feirmeacha beaga agus meánmhéide – feirmeacha teaghlaigh traidisiúnta – a mbíonn sé ag éirí níos deacra orthu maireachtáil sa chomhthéacs eacnamaíoch atá ann faoi láthair: inmharthanacht eacnamaíoch íseal, costais táirgthe – ó bhreosla agus beatha beostoic go hinnealra – ag méadú i gcónaí cé nach leanann praghsanna táirgí talmhaíochta an treocht chéanna, agus easpa athnuachana ó ghlúin go glúin.

San am a chuaigh thart, bhí saol na tuaithe i gcroílár na sochaí agus bheadh ioncam cobhsaí le fáil ón talmhaíocht. Sa lá atá inniu ann, tá méadú ag teacht ar an líon feirmeacha atá ag dúnadh agus tá ceantair thuaithe á ndídhaonrú de réir a chéile, go háirithe iad siúd a bhfuil traidisiún láidir acu ainmhithe a phórú. Dá bhrí sin, gan athruithe sistéamacha, leanfar de dhúnadh feirmeacha, agus beidh iarmhairtí tromchúiseacha aige sin ní hamháin do cheantair thuaithe ach do tháirgeadh bia agus do chaomhnú traidisiún freisin: is é an baol atá ann nach mbeidh siad in ann na riachtanais bheatha atá acu faoi láthair a chomhlíonadh a thuilleadh, ná nach mbeidh siad in ann freastal ar riachtanais a bheidh ann amach anseo.

Níor cheart beathú iallaigh, strus comhshaoil agus/nó athruithe hormónacha atá ceaptha chun táirgeadh a mhéadú a dhéanamh ar na caoirigh dhéiríochta.

Faightear an bainne iomlán, táirge leachtach de théachtadh an bhainne, trína dheighilt ón ngruth atá beartaithe chun cáiseanna caorach a tháirgeadh ó bhainne caorach i Réigiún Lazio.

Tá dath buí éadrom ar an meadhg ó bhainne iomlán na gcaorach agus tá an méid seo a leanas ann:

— ábhar tirim neamhshaille: 5,37 % nó níos mó;

— próitéin: 1,09 % nó níos mó;

— saill: 0,35 % nó níos mó;

— lachtós: 3,55 % nó níos mó;

— luaith: 0,4 % nó níos mó.

Chun 'Ricotta Romana' a dhéanamh, ceadaítear, toisc go bhfuil an meadhg á théamh go 50-60 °C, bainne iomlán ó chaoirigh de na pórtha thuas a tógadh sa limistéar geografach dá dtagraítear i bpointe 5 a chur leis, i gcainníochtaí nach mó ná 15 % de thoirt iomlán an mheidhg.

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Tá na feirmeacha a thógann na caoirigh a bhfuil a mbainne le próiseáil chun 'Ricotta Romana' a dhéanamh dó lonnaithe laistigh den limistéar geografach sainithe.

Ní mór an bainne a tháirgeadh agus a phacáistiú laistigh den limistéar geografach sainithe.

Le linn an tsamhraidh, nuair a bhíonn na hainmhithe ina dtréimhse sheasc fhiseolaíoch, ceadaítear an cleachtas traidisiúnta féaraigh sléibhe agus buailteachais i gceantair shléibhe, lena n-áirítear i réigiúin chomharsanacha.

Príomhthoisc i gcáilíocht an táirge is ea deighilt an ghrutha, rud a bhraitheann ar scileanna oibriúcháin na gcáiseoirí, iad féin mar thoradh ar na céadta bliain cumais agus taithí ar fud an limistéir a chumhdaítear leis an ATFC.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Nuair a bhíonn an meadhg beagnach scartha go hiomlán, déantar an 'Ricotta Romana' a phacáistiú go díreach agus a chur ar díol cúpla uair an chloig tar éis a tháirgthe.

Is táirge úr é seo nach dtagann in aibíocht ná nach maireann go tapa agus a éiríonn bréan nó lofa go tapa.

Ós rud é gur cheart é a thomhailt agus é an-úr, ní mór, dá bhrí sin, 'Ricotta Romana' a phacáistiú sa limistéar geografach dá dtagraítear i bpointe 5, ionas nach gcuirfear isteach ar a úire, a shábháilteacht ná a cháilíocht, agus chun inrianaitheacht a áirithiú agus chun gur féidir seiceálacha a dhéanamh.

Déantar an cháis a phacáil i gciseán cónúil ciorraithe caolaigh, plaisteach nó miotail ag a bhfuil uastoilleadh 2 kg (agus lamháltas 10 %), a bhfuil an chuid uachtarach díobh clúdaithe le leathán plaisteach. Ceadaítear na cineálacha eile pacáistíochta seo a leanas freisin:

— cumhdach pár;

— coimeádáin phlaisteacha agus/nó folúis;

— pacáistíocht atmaisféir mhodhnaithe.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Chomh maith le lógó an Chomhphobail, na tagairtí ábhartha agus an fhaisnéis a cheanglaítear leis an dlí, ní mór an méid seo a leanas a thaispeáint ar an bpacáistíocht i litreacha atá priontáilte go soiléir agus inléite:

— ní mór an t-ainm 'Ricotta Romana' a bheith i gcineál soiléir doscriosta, i bhfad níos mó agus sách scartha ó aon fhoclaíocht eile, agus ní mór na focail '*Denominazione Origine Protetta (DOP)*' a bheith ina dhiaidh;

— ainm, ainm cuideachta agus seoladh an táirgeora agus an phacáisteora;

— lógó an táirge.

Aon tuairisc eile nach gceadaítear go sainráite, lena n-áirítear na haidiachtaí 'fine' [fíneálta], 'scelto' [den scoth], 'selezionato' [roghnaithe], 'superiore' [ar ardcháilíocht] agus 'genuino' [fíor], nó seachas sin tá toirmeasc ar mholadh an táirge. Féadfar ainmneacha branda a úsáid, áfach, ar choinníoll nach bhfuil aon chiall mholta leo agus nach gcuireann siad an tomhaltóir amú, chomh maith le hainm an fhiontair a dtagann an táirge óna ghabháltais agus tásca eile fírinneacha indoiciméadaithe a cheadaítear faoi dhlí an Chomhphobail, faoin dlí náisiúnta nó faoin dlí réigiúnach agus nach bhfuil i gcoinbhleacht le críocha ná ábhar na sonraíochta atá ann faoi láthair.

Ní mór an t-ainm 'Ricotta Romana' a bheith in Iodáilis.

5. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Ní mór an meadhg a fháil ó bhainne iomlán caorach ó Réigiún Lazio. Ní mór an meadhg a phróiseáil chun 'Ricotta Romana' a dhéanamh de agus a phacáistiú laistigh de Réigiún Lazio amháin.

6. **Nasc leis an limistéar geografach**

Achoimre ar an nasc

5.1. Sainiúlacht an limistéir gheografaigh:

Saintréith de na dálaí ithreach agus aeráide i Réigiún Lazio is ea cineálacha éagsúla rilífe (sléibhte aolchloiche agus bolcánacha, cnoic, machairí gláracha), meánteochtaí bliantúla idir 13 °C agus 16 °C, agus báisteach íosta bhliantúil 650 mm feadh na stráice cósta, 1 000-1 500 mm ar na machairí intíre agus suas le 1 800-2 000 mm ar Shliabh Terminillo agus i raon Simbruini.

I bhfianaise na saintréithe ithreach agus aeráide sin, tá na dálaí is fearr is féidir chun caoirigh a thógáil gan aon strus orthu le fáil sa chríoch.

Fágann na tosca nádúrtha sin gur féidir an talamh féaraigh nádúrtha agus curtha a shaothrú mar fhoinse bia do na caoirigh, agus ar an gcaoi sin an bainne a úsáidtear le haghaidh cáiseoireachta a bhfuil cáilíochtaí ar leith aige a chur i bhfeidhm agus sineirge thar a bheith fabhrach a bhunú i dtéarmaí cháilíocht an táirge agus chineál aonchineálach a shaintréithe.

Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil daonra caorach os cionn 440 000 i Réigiún Lazio, agus go dtáirgeann na caoirigh thart ar 600 000 hl bainne in aghaidh na bliana.

5.2. Sainiúlacht an táirge:

Tá na saintréithe seo a leanas in 'Ricotta Romana':

— taos an-mhín, lena mbainean uigeacht chnapánach;

— dath níos sainiúla ná an táirge coibhéiseach a dhéantar as meadhg bainne bó; agus

— blas milis, bainniúil.

Tá na saintréithe cáilíochta sin nasctha leis an méid seo a leanas:

— an cion lachtóis 3,55 % nó níos mó i meadhg bainne iomláine caorach, rud a thugann an mhilseacht dó a thagann ó bheatha na gcaorach, beatha a thagann ón bhféarach nádúrtha agus curtha agus ón talamh móinéir atá ina shaintréith de Réigiún Lazio; agus

— ní chuirtear aon choigeartóirí aigéadachta leis an meadhg le linn na próiseála.

Tá blas sonrach milis ar an táirge a eascraíonn as sin, 'Ricotta Romana', lena ndéantar idirdhealú idir é agus aon chineál eile *ricotta*.

5.3. Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht nó saintréithe an táirge (i gcás an ATFC) nó cáilíocht shonrach, clú nó saintréith eile an táirge (i gcás an TGFC):

Ciallaíonn aiste bia na gcaorach, mar aon leis na dálaí fabhracha comhshaoil ina dtógtar iad – lena n-áirítear an cleachtas traidisiúnta innilte sléibhe, a ligeann dóibh éalú ó theas an tsamhraidh agus, dá bhrí sin, ó na struis chomhshaoil agus chothaitheacha a d'fhéadfadh a bheith orthu sna hísealchríocha – go bhfuil an bainne ar an gcáilíocht is airde agus go bhfuil an *ricotta* a dhéantar as an-sainiúil.

Léirítear láithreacht stairiúil Ricotta Romana ar mhargaí ar fud Réigiún Lazio le sonraí ó thuarascálacha margaidh na gComhlachas Tráchtála, Tionscail, Ceardaíochta agus Talmhaíochta sa Róimh (1922-1965), in Viterbo (1949-1973), in Frosinone (1955-1999) agus in Latina (1951-1977). Chomh maith leis sin, ó mhargadh tráchtearraí an Chomhlachais Tráchtála, Tionscail, Ceardaíochta agus Talmhaíochta sa Róimh is féidir na héagsúlachtaí i bpraghas an táirge idir 1952 agus 1998 a fheiceáil, rud a léiríonn a thábhacht do gheilleagar an limistéir gheografaigh. Tá go leor tásca sóisialta agus eacnamaíocha ann, amhail táirgeoirí a bheith i láthair atá ag gabháil don chineál sin táirgthe ar feadh na mblianta. Chomh maith leis sin, de réir faisnéis a chuir a stiúrthóir ar fáil, tháirg feirm Castel di Guido in 1969 thart ar 3 500 lítear bainne caorach, ar díoladh cuid acu úr agus ar úsáideadh cuid eile acu chun Ricotta Romana a tháirgeadh, mar a léirítear sna cuntais feirme do 1958, 1960 agus 1965, ar chuir an aoire agus an stiúrthóir inisealacha leo. Léiríonn cuntais fheirm Gasparri an praghas in aghaidh an chileagraim agus an líon iomlán cileagram de Ricotta Romana a táirgeadh le linn na séasúr feirmeoireachta idir 1907 (70 *centesimi*/kg go dtí an 15 Márta agus 45 *centesimi*/kg ina dhiaidh sin, agus táirgeadh iomlán 850 kg) agus 1924 (táirgeadh iomlán 932,5 kg).

Ina theannta sin, léirítear in go leor tagairtí stairiúla agus nósanna traidisiúnta an nasc idir an táirge seo agus an limistéar geografach. I measc na dtagairtí stairiúla tá tuairisc ar na teicnící chun Ricotta Romana a tháirgeadh in *Vita di pastori nella Campagna Romana* de chuid Trinchieri (1953). Maidir le nósanna traidisiúnta, sampla amháin is ea an fhéile tíre le haghaidh *attozzata* (*ricotta* na caor) atá á ceiliúradh le thart ar 30 bliain i mbardas Barbarano Romano (VT).

Chomh maith le hé á ithe mar mhias ann féin, úsáidtear Ricotta Romana go forleathan mar chomhábhar i miasa traidisiúnta ó Lazio.

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/3341